Séideán Sí

CATHAL

Ábhar tacaíochta léitheoireachta agus tuisceana

Siobhán Ní Dhúill

COMHAIRLEOIRÍ SRAITHE: SIOBHÁN NÍ DHÚILL AGUS BRÍDÍN NIC UIGINN



CLÁR

Caibidil **1** 3

Caibidil **2** 6

Caibidil **3** 9

Caibidil **4** 11

Caibidil **5** 13

Caibidil **6** 15

Caibidil **7** 18

Caibidil **8** 21

Léirmheas 23

CAIBIDIL 1

Triail Tuisceana

1. Cén fáth, meas tú, an raibh Cathal ag breathnú amach fuinneog an chairr go dobrónach?
2. Dá mbeadh tusa agus do theaghlach ag bogadh tí, cé hiad na daoine a bheadh ag fágáil slán leatsa agus le do mhuintir?
3. Cá raibh Cathal agus a mhuintir ag dul?
4. Cad as do Mhamaí Chathail ó dhúchas?
5. Cad as do do thuismitheoirí féin, do Mhamó agus do Dhaideo, ó dhúchas?
6. Scríobh an scéal faoin lá cinniúnach a tháinig an príomhoide isteach sa seomra ranga chuig Cathal.
7. Cad iad na fáthannna a thug a thuismitheoirí do Chathal a bhí le hiad a bheith ag bogadh go Gaillimh?
8. Cad é an rud is mó a raibh Cathal sásta faoi agus é sa charr?
9. Cén fáth ar cheap Cathal go mbeadh Spraoi sásta lena bhaile nua?
10. Ar mhaith leat a bheith ag bogadh tí? Cár mhaith leat dul?

Scríbhneoireacht

1. **Scríobh liosta de 9 rud a thabharfá leat dá mbeifeá ag bogadh tí.**

2. Cuir na nathanna seo a leanas sna bearnaí cuí chun na habairtí thíos a shlánú.

Ba mhór an faoiseamh dó	Ba dheacair dom a chreidiúint	balcaisí
ag scriorradh	ualach ar mo chroí	Ní inniu ná inné
go dobrónach	ag déanamh imní	luas lasrach
ríméad an domhain		

1. _____ go raibh cabhair aige nuair a bhris sé a chos.
2. D'fhéach Mamaí orm _____ nuair a d'inis sí dom go raibh an madra tinn.
3. _____ gur bhuaigh mo thuismitheoirí an lató.
4. Bhí mé _____ go raibh timpiste ag Mo Dhaid nuair a bhí se déanach.
5. Bhailigh mé mo chuid _____ ag deireadh an lae ar scoil.
6. Chuaigh an gluaisrothar tharainn ar _____.
7. Bhí an seanfhear _____ ar an leac oighir taobh amuigh den siopa.
8. D'airigh mé _____ nuair a chuala mé an drochnuacht.
9. _____ a tharla an Gorta Mór.
10. Bhí _____ orm nuair a chuala mé an dea-scéal.

Plé Ranga

An gceapann tú go raibh an ceart ag tuismitheoirí Chathail bogadh go Gaillimh?

Taighde

Aimsigh Gaillimh agus Baile Átha Cliath ar léarscáil na hÉireann. Cé na cúigí ina bhfuil siad? Déan pleanáil ar an turas ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh. Cé mhéad ciliméadar atá eatarthu? Cé chomh fada a thógfadh an turas sa charr? Cabhróidh Google maps (https://www.google.ie/maps) leat.



© Christine Warner

Fógra a dhearadh

Dear fógra de do theach chun é a chur ar díol. Scríobh na rudaí maithe uile faoi do bhaile ionas go mbeadh suim ag daoine é a cheannach. Is féidir leat pictiúr a tharraingt nó grianghraif a chur leis an bhfógra más maith leat.

CAIBIDIL 2

Triail Tuisceana

1. Cad a bhraith Cathal nuair a chonaic sé an teach nua den chéad uair?
2. Nuair a smaoinigh sé ar a bhaile in Ard Aidhin cad iad na mothúcháin a bhí ag Cathal?
3. Cé mhéad lá a thóg sé orthu an teach a shocrú?
4. Cén fáth a dtaitníonn uncail Ruairí le Cathal, meas tú?
5. An bhfuil aithne agat ar aon duine a úsáideann cathaoir rothaí? Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le bheith i gcathaoir rothaí?
6. Déan cur síos ar rothar Chathail.
7. Inis na rudaí ar fad a rinne Cathal sa bhuaile.
8. Cén fáth ar shocraigh Cathal a bheith níos dáiríre faoina chuid obair scoile?
9. Luaigh ainmneacha na scéalta a thaitin le Cathal.
10. Cén ghairm bheatha a bhí ag Ruairí?

Líon na bearnaí thíos chun abairtí iomlána a dhéanamh:

1. Bhí dhá chroí ag _____ nuair a chonaic sé _____.
2. Bhí sé ina chadhan aonraic nuair _____.
3. _____ar a sháimhín só_____.
4. Sheasfadh sé sa sneachta ag éisteacht leis _____ mar _____.

Tuairisc

Scríobh tuairisc faoi áit amháin atá speisialta duitse. Cén fáth a bhfuil sé speisialta? Cá bhfuil sé? An maith le daoine eile é? Scríobh na fáthanna a dtaitníonn sé leat. Scríobh faoi na dathanna agus faoin mboladh atá ann agus faoi na mothúcháin a bhíonn agat nuair a bhíonn tú ann.

Cuardach Focal

Aimsigh na focail a bhfuil ‘ai’ iontu.

I	L	S	N	N	J	V	C	E	P	W	I	M	K	K	A	D	R	Z	V	E	W	S	S	O
Q	T	A	J	E	O	E	M	A	R	P	D	B	J	C	H	G	U	D	E	U	X	U	T	J
V	R	U	V	B	K	H	O	O	I	C	A	I	T	H	F	E	A	D	H	U	F	A	A	Q
S	T	M	H	Z	W	V	J	Z	Y	R	D	A	J	J	S	J	I	J	T	X	U	I	I	G
A	D	E	T	G	Y	B	M	M	D	R	D	L	L	J	E	C	R	G	I	K	S	M	G	J
X	U	A	I	H	T	H	J	A	F	I	A	E	J	T	A	G	Í	N	A	W	E	H	H	R
J	U	B	A	U	O	R	T	H	F	A	R	Z	S	Q	C	Z	P	I	L	Q	A	N	R	D
T	B	H	H	F	U	A	I	R	I	H	B	H	U	G	H	G	Y	A	H	D	N	E	E	L
E	Y	A	C	S	G	I	C	I	O	T	L	C	A	I	T	H	H	H	G	X	B	A	M	I
C	Z	I	X	P	E	T	E	D	M	A	N	M	Z	A	A	D	C	C	O	I	H	C	O	Ú
G	Y	R	G	A	S	H	A	K	P	E	F	D	C	S	I	I	C	A	F	A	A	H	B	I
D	K	Q	N	I	T	E	N	Y	A	S	A	T	P	C	N	A	A	E	J	R	I	W	H	R
P	A	D	T	S	O	H	T	I	I	C	F	N	F	H	R	I	I	S	V	R	L	O	A	I
W	G	D	B	T	L	T	A	N	G	D	B	R	U	O	D	D	B	R	N	A	E	P	I	A
R	R	N	T	E	G	N	I	I	H	O	Q	U	M	N	U	V	I	I	D	I	Y	F	N	T
I	U	L	O	A	E	I	R	H	U	M	E	V	A	A	X	E	D	A	L	D	H	P	E	S
A	M	A	C	O	O	A	D	D	N	H	F	J	W	I	I	S	I	R	A	H	F	I	A	W
C	Á	E	H	I	V	C	C	I	C	A	T	Q	V	C	L	W	L	H	B	Y	G	J	D	U
A	T	T	A	R	Z	Z	E	A	A	I	H	U	A	S	F	E	N	T	H	S	V	W	A	C
E	H	S	I	E	W	G	I	J	I	N	A	A	E	G	C	X	D	A	A	B	H	R	R	N
D	A	I	L	A	T	F	L	U	L	D	I	Z	V	M	U	L	K	E	I	G	T	I	N	I
O	I	A	T	C	S	K	U	X	T	X	T	M	I	S	S	V	J	C	R	B	I	A	X	A
H	R	T	R	H	U	C	O	M	H	A	I	R	G	A	I	R	D	Í	N	S	A	U	O	H
J	W	A	J	T	W	L	V	Z	D	C	N	M	O	A	D	H	M	A	I	D	M	N	K	B
M	K	Z	M	M	J	Y	O	E	Z	R	X	L	E	A	B	H	A	I	R	G	Z	N	L	E

adhmaid
aidhin
athair
bhain
bhaineadar
bhraith
buaile
caibidil
caint
cairde
caith
comhair
ceantair
ceathrair
chaith
chonaic
fuair
deacair
diaidh
domhain
foghlaithe
leabhair
gairdín
iarraidh
iompaigh
labhair
ruairí
maith
meabhair
máthair
nuair
staighre
seachain
seachtain
seanbhaile
spaisteaoireacht
tochailt
stairiúil
suaimhneach
taisteal
thaitin
uncail

Crosfhocal



Trasna

2. Bhí … air nuair a chonaic sé an taibhse
4. Áit ina mbíonn uisce
7. Príomhcharachtar an scéil
9. Taistealaíonn spáslong go .....
13. Cineál lampa
14. Cuir ceist
16. An dath a bhí ar rothar Chathail
18. Níl sé éasca
19. Nuair a bhíonn rud caillte bíonn ort ....
20. Níl sé éadrom

Síos

1. An tríú mí sa bhliain
3. Ainm an mhadra sa scéal
5. Bíonn cónaí orainn ann
6. Seasann tú orthu
8. Tugann sé solas dúinn nuair a bhímid amuigh ag siúl san oíche
9. Tá seacht lá inti
10. Gasta
11. Tharla sé fadó
12. Deartháir le Daid
15. Focal eile ar 'girseach'
17. Madraí

CAIBIDIL 3

Triail Tuisceana

1. Tabhair na fáthana a raibh Cathal uaigneach.
2. Cén fáth nach raibh Fiachra ná Colm in ann teacht ar cuairt chuig Cathal?
3. Luaigh an fáth nach raibh Mamaí ag iarraidh go rachadh Cathal ar scoil in aice lena hionad oibre.
4. Luaigh na fáthanna nár thaitin an scoil nua le Cathal.
5. Déan liosta de na hathruithe a tháinig ar shaol Chathail an samhradh sin.
6. Cad iad na rudaí a thugann le fios dúinn go raibh Mamaí Chathail faoi bhrú?
7. Meas tú cén fáth a mbíodh tuismitheoirí Chathail ag sioscadh eatarthu féin?
8. Cén míniú a thug Daidí do Chathal faoi na glaonna fóin a bhíodh ag teacht?
9. Cén fáth a raibh Cathal buartha faoi na glaonna, meas tú?
10. Cén modh a d'úsáid uncail Ruairí chun coinneáil i dteagmháil le Cathal?

Scríbhneoireacht

1. **Líon na bearnaí sna habairtí thíos mar is ceart leis na focail/frásaí seo a leanas:**

   tugtha traochta gaol | ag spochadh asam fadálach | práinneach barrúla | ag fulaingt

   A. Bhí mo chara _____ nuair a fuair mé lánmharcanna sa scrúdú.

   B. Bhí mé _____ tar éis an chluiche peile.

   C. Níor thaitin na glaonna fóin le Cathal nuair a dúradh leis go raibh siad _____.

   D. Bhí an fear____ _____ tar éis na timpiste.

   E. Tá _____agam le gach duine i mo rang.

   F. Cuireann sé isteach orm nuair a bhíonn an obair bhaile _____.

   G. Insíonn m'uncail rudaí_____ dom i gcónaí.

3. Liosta

Scríobh liosta de na buairteanna a bheadh ort dá mbeifeá ag bogadh chuig ceantar difriúil.

_____

_____

_____

_____

_____

4. Ríomhphost

Scríobh ríomhphost chuig an bpríomhoide i do scoil nua chun tú féin a chur in aithne dóibh. Déan cur síos ort féin agus luaigh na hábhair a thaitníonn agus iad sin nach dtaitníonn leat.

Plé Ranga

An gceapann tú go raibh an ceart ag muintir Chathail bogadh chuig an tuath?

CAIBIDIL 4

Triail Tuisceana

1. Cén cheist a bhí ar intinn ag Cathal a chur ar a thuismitheoirí nuair a thiocfaidís abhaile?
2. Déan cur síos ar an bplean a bhí ag Cathal le haghaidh an turais go Baile Átha Cliath?
3. Cé mhéad déagóir a tháinig isteach sa bhuaile agus cárbh as dóibh?
4. Meas tú cén fáth nach raibh na déagóirí sásta Cathal a fheiceáil?
5. Inis scéal an tobair i d'fhocail féin. An gcreideann tú é?
6. Meas tú cad a chonaic an cailín sa tobar a thiomáin glan as a meabhair í?
7. Conas mar a d'fhéadfaí mallacht a chur ar dhuine ag an tobar?
8. Cén fáth nár inis Cathal an scéal dá thuismitheoirí?
9. Cá bhfios dúinn gur duine béasach é Cathal?
10. Déan cur síos ar an mbrionglóid a bhí ag Cathal an oíche sin.

Scríbhneoireacht

Cuir na focail seo thíos in abairtí a léireoidh a mbrí:

1. Ag teannadh _____
2. Ag béiceadh _____
3. Seafóideach _____
4. Aiféala _____
5. Ag olagón _____
6. Dallamullóg _____
7. Mallacht _____
8. Fiosrach _____

_____

Pictiúr

Tarraing pictiúr de na nathanna seo thíos:

Rí rá agus ruaille buaille

Ag sciotaíl gháire

Gramadach

Aimsigh samplaí de bhriathra atá san Aimsir Chaite agus sa Mhodh Coinníollach sa chaibidil seo.

Aimsir Chaite

_____

_____

_____

_____

_____

Modh Coinníollach

_____

_____

_____

_____

_____

Taighde (beidh nasc idirlín ag teastáil)

An bhfuil eolas agat faoi aon tobar i do cheantarsa? Cad é ainm an tobair? Déan taighde ar an idirlíon ar **https://meitheal.logainm.ie/ga/?s=tobar**

Cliceáil ar an tobar is gaire do do bhaile féin agus déan taighde air.

CAIBIDIL 5

Triail Tuisceana

1. Déan cur síos ar an aimsir a bhí ann an lá arna mhárach.
2. Cad a rinne Cathal ar feadh an lae?
3. Cá bhfios dúinn nach raibh Cathal ar a shuaimhneas?
4. Aimsigh an nath cainte a insíonn dúinn go raibh cónaí ar Shorcha Tom Rua an-ghar do Chathal?
5. Cén fáth nach dtabharfadh Cathal drochaimsir faoi deara dá mbeadh cónaí air i mBaile Átha Cliath, meas tú?
6. Meas tú cén fath a raibh Spraoi chomh meidhreach ar an turas chuig teach Shorcha?
7. Meas tú cén fath nach raibh Spraoi sásta dul i ngar don tobar?
8. Conas mar a chosain Spraoi Cathal ar na buachaillí?
9. Cad air ar smaoinigh Cathal nuair a bhí an cáca á ithe aige?
10. Meas tú an ndeachaigh Cathal ar ais chuig an tobar in ionad dul chuig an leaba?

Scríbhneoireacht

1. **Scríobh nóta chuig do Mham ag insint di go bhfuil tú ag dul amach ar do rothar agus go mbeidh tú ar ais in am don dinnéar.**

2. **Meaitseáil na nathanna thíos a bhfuil an brí chéanna leo:**

doirteadh báistí	tar éis tamaill
stolladh láidir gaoithe	ag rith
ag baint sásamh as	thug sé buille
i bhfoisceacht scread asail de	crosta
tar éis scaithimh	ag stealladh báistí
thug sé sonc	ag baint taitneamh as
gadhar	in aice
cantalach	ag sodar
an-ghaofar	madra
aineolach	gan foighne
mífhoighneach	gan eolas

3. Líon na bearnaí leis na na nathanna seo a leanas chun na habairtí a shlánú.

ó thalamh an domhain	mearbhall	go díomách
tásc na tuairisc	go bagrach	

Níl a fhios agam ó _____ cad a tharla.

Bhí _____ orm tar éis na timpiste.

Labhair an múinteoir leis an rang _____ tar éis an chluiche.

Ní raibh _____ ar an madra.

Labhair an bulaí _____ liom.

Pictiúr

Tarrraing pictiúr den radharc a bhaineann leis an abairt seo: '*scáileanna na scamall a bhí ag rásaíocht trasna na spéire a chonaic Cathal sa tobar'.* (lch 40)

Plé Ranga

An raibh sé de cheart ag Cathal dul ar ais chuig an tobar chun a mhála a fháil an oíche sin?

CAIBIDIL 6

Triail tuisceana

1. Cén saghas oíche a bhí ann?
2. Conas mar a réitigh Cathal é féin le dul chuig an mbuaile?
3. Chuaigh Cathal agus Fiachra ar strae oíche Shamhna. Cad a tharla?
4. Cad ba chúis le tuismitheoirí Chathail a bheith ina suí déanach an oíche úd?
5. Cad a dhúisigh Cathal de gheit?
6. Cad iad na rudaí tábhachtacha a bhí i mála Chathail a bhí ag teastáil uaidh?
7. Conas mar a bhí a fhios ag Cathal go raibh a thuismitheoirí ina gcodladh?
8. An raibh Spraoi sásta a bheith amuigh an oíche sin? Cá bhfios dúinn?
9. Cad a tharlódh, dar le Cathal, dá dtitfeadh sé?
10. Cad a cheapann tú anois faoi Chathal?

Gramadach

Tá na briathra seo sa Mhodh Coinníollach. Cuir in abairtí iad:

1. Dá sciorrfadh _____
2. Bheadh _____
3. D'fhéadfadh _____
4. D'fhéadfá _____
5. Tharraingeodh _____
6. Dhúiseodh _____

Scríbhneoireacht

Scríobh scéal ag tosú le **.....Oíche dhuairc fheannta a bhí ann**.....

D'fhéadfá na nathanna seo a úsáid da mba mhaith leat:

- ní raibh maith de thada sa tóirse
- ní raibh an dara rogha aige
- bheadh a phort seinnte
- bhí drogall air
- a chroí ina bhéal aige
- ar ór ná ar airgead
- íde na muc is na madraí
- dhúiseodh sí na mairbh

Cuardach focal

s	n	d	p	s	a	o	i	r	s	e	n	f	p	t	y	n	b	k	s
t	i	h	j	g	n	g	t	h	e	a	s	t	a	i	g	h	r	o	r
w	f	ú	u	q	v	i	x	a	i	r	g	e	a	d	d	b	n	z	z
l	á	i	d	i	r	h	t	s	j	d	q	g	y	c	x	d	d	p	i
q	d	s	i	m	i	t	h	e	s	d	h	é	a	n	f	a	d	h	x
t	c	e	d	q	a	t	h	á	i	n	i	g	j	n	p	l	z	m	w
h	h	o	q	r	w	p	É	i	r	e	a	n	n	n	j	t	h	i	t
o	a	d	f	w	o	t	o	r	a	n	n	b	t	r	b	d	j	s	s
s	i	h	r	l	k	g	b	e	a	l	a	c	h	d	b	n	s	n	h
a	t	g	c	o	m	h	a	i	r	l	e	c	i	n	e	á	l	e	s
i	h	k	t	o	u	w	x	l	m	s	e	a	s	f	a	d	h	a	l
g	f	a	l	c	m	a	y	l	l	m	n	p	j	g	g	z	v	c	q
h	e	u	i	m	h	r	e	a	c	h	a	f	o	i	n	p	u	h	p
a	a	u	e	v	k	e	n	d	s	g	k	u	v	r	a	d	v	s	g
n	d	w	g	e	a	l	a	c	h	c	q	i	g	u	c	n	g	a	m
b	h	w	w	a	v	w	n	p	g	s	v	n	c	a	h	b	u	t	x
p	o	c	i	w	m	y	i	g	f	t	n	n	o	y	o	b	r	m	v
c	h	o	i	n	n	i	g	h	y	á	s	e	i	y	s	t	z	h	p
b	q	c	l	e	a	c	h	t	a	d	h	o	p	x	w	b	h	t	w
a	g	h	a	i	d	h	o	f	m	p	r	g	p	g	v	p	r	p	f

choinnigh
torann
thosaigh
comhairle
fuinneog

cleachtadh
dhéanfadh
aghaidh
chaithfeadh
gealach
airgead

cheapfá
tháinig
uimhreacha
dhúiseodh
drogall
Éireann

cineál
thit
gaoth
beagnach
misneach

bealach
saoirse
láidir
imithe
theastaigh

Pictiúr

Tarraing pictiúr den radharc a bhí le feiceáil ag Cathal ón bhfuinneog ina sheomra codlata an oíche sin.

Díospóireacht ranga

An raibh an ceart ag Cathal dul amach an oíche sin gan fhios dá thuismitheoirí?

CAIBIDIL 7

Triail Tuisceana

1. Cad atá i gceist le 'bhí a chroí éadrom'?
2. Cén fáth, meas tú, a raibh athrú meoin ar Chathal?
3. Cad a rinne Spraoi nuair a scaoil Cathal leis an iall?
4. Cé acu a tharla, dar leat - ar bhuail an tintreach Cathal nó an amhlaidh gur thit sé?
5. Cheap Cathal nach raibh sé gortaithe ach bhí fadhb eile aige. Cén fhadhb í sin?
6. Cén fáth ar bhain Cathal an coiléar de Spraoi?
7. Cén fáth ar thug Cathal gadhar cathrach ar Spraoi, meas tú?
8. Cad iad na rialacha a bhí ar eolas ag Cathal faoi thintreach?
9. Cén fáth nach raibh mála Chathail imithe leis an ngaoth?
10. Cé na rudaí ríthábhachtacha a raibh Cathal ag iarraidh cuimhneamh orthu faoi stoirmeacha agus leictreachas?

Taighde

Déan taighde ar réamhaisnéis na haimsire don tseachtain seo. Réitigh cur i lathair don rang. Bí cinnte go n-úsáideann tú léarscáil, siombailí agus ábhar taca.

Réamhaisnéis na hAimsire



gaofar, grianmhar, tintreach, toirneach, stoirmiúil, fuar, teocht, leac oighir, sleamhain, fliuch, stealladh báistí

Crosfhocal



Trasna

3. Fásann sé ar do cheann
5. Bean nach bhfuil óg
8. Níl sé cam, tá sé ....
9. Ceannaíonn tú earraí ann
10. Bíonn siad sa spéir. Bíonn dath liath agus bán orthu.
12. Focal eile ar 'geit'
15. Tá seasca ... in uair an chloig
17. Bíonn iarsmaí ar taispeáint ann
20. Caitheann tú ar do lámh é agus insíonn sé an t-am duit
21. An-tuirseach
23. Níl sé óg
24. Níl sé gearr

Síos

1. Níl sé mín tá sé ....
2. Caitheann tú ar do chosa iad
4. Oibríonn dochtúirí agus banaltraí ann
6. Téann páistí ar ... gach lá
7. Tugann tú freagraí orthu
11. Focal eile ar 'féasta'
13. Cas timpeall
14. Focal eile ar 'féach'
16. Deirfiúr le Daid
18. Bíonn ... ann nuair a bhíonn sé gaofar, fliuch le tintreach agus toirneach
19. Bheith ag léim
22. Bíonn an madra ag ....

Scríbhneoireacht

Déan tuar faoi cad a tharlóidh sa chaibidil dheireanach den leabhar agus scríobh an scéal.

Cuir na nathanna seo a leanas in abairtí a mhíneoidh a mbrí:

- Splanc thintrí _____
- Thit sé ar fhleasc a dhroma _____
- Bhain an torann geit as _____
- Ar iompú do bhoise _____
- Bhí sé ina abhainn bháistí _____
- Ag réabadh na spéire _____

CAIBIDIL 8

Triail Tuisceana

1. Cé na focail sa scéal a thugann le fios dúinn cén t-am a dhúisigh Cathal.
2. Déan cur síos ar conas mar a mhothaigh Cathal nuair a dhúisigh sé?
3. Cén abairt a thugann le fios dúinn go raibh Cathal lag nuair a sheas sé suas?
4. Cad a rinne Cathal leis an uisce chun cabhrú leis féin?
5. Ainmnigh na daoine a bhí sa teach nuair a shroich Cathal é?
6. Cad é an dea-scéal a bhí ag a thuismitheoirí do Chathal?
7. Cad iad na rudaí a rinne Cathal lena chairde as Baile Átha Cliath?
8. Inis i d'fhocail féin an t-eolas a fuair Daidí amach faoin maide a bhí os comhair an tí.
9. Cén ócáid a bhí ar siúl sa mhúsaem lá arna mhárach?
10. Meas tú an fíor an bhrionglóid a bhíonn ag Cathal go minic?

Scríbhneoireacht

1. **Cuir na nathanna seo in abairtí chun a mbrí a léiriú:**

   A. Tásc ná tuairisc: _____

   B. Saothar in aisce a bhí ann: _____

   C. Gan aithne gan urlabhra: _____

   D. Tréaniarracht: _____

   E. Dianscrúdú: _____

   F. Folúntas: _____

2. Is scríbhneoir staire thú agus tá tú ag iarraidh scéal chath Eachroma a rianú. Scríobh amach na ceisteanna a bheadh agat don bhean leis an ngruaig fhada bhán agus do Chathal chun an scéal iomlán a fháil faoin gcath.

a. _____

b. _____

c. _____

Taighde

- Déan taighde faoi Chath Eachroma. Cá bhfuil Eachroim? Cén fáth ar tharla sé? Cén bhliain a tharla sé?
- Tabhair cuairt ar mhúsaem nó ar shuíomh idirlín an mhúsaeim agus aimsigh iarsmaí ón 16ú haois. Déan liosta díobh nó tarraing pictiúr díobh.

Pictiúr

1. Léigh an cur síos ar an an mbrionglóid a bhí ag Cathal go minic ar leathanach 70 agus 71.

Tarraing pictiúr den íomhá a chonaic Cathal.

2. Tarraing pictiúr chun an nath seo a léiriú:

Caillte ag an tart agus a chloigeann scoilte ag an tinneas cinn uafásach . . . . (lch 66)

LÉIRMHEAS

Teideal an úrscéil: _____

An foilsitheoir: _____

An t-údar: _____

An t-ealaíontóir: _____

Cá bhfuil an scéal suite? _____

Roghnaigh carachtar amháin. Déan cur síos air/uirthi.

_____

_____

_____

_____

_____

Anois, scríobh alt mar achoimre ar an scéal.

Bí cinnte go luann tú iad seo:

- Na carachtair
- An fhadhb sa scéal
- Na príomheachtraí (na príomhrudaí a tharla)

Ansin, léigh d'achoimre do do pháirtí. Ar fhág tú aon eolas tábhachtach amach nó ar chuir tú breis eolais isteach nach raibh gá leis? An bhféadfá feabhas a chur ar d'achoimre? An gá duit dréacht eile a scríobh?

An Gúm